# A léine mhic Dhiarmada

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 27]

1 A léine mhic Dhiarmada
mhic Cormaic fuair gach anáir,
adhbhar bróin cúis t'iarrata
do Mhóir, gér mhaith léi d'fhagháil.

2 A ghlainléine rochorcra
do dathaigheadh d'fhuil Chormaic,
do mhéadaigh a tromosna
do Mhóir inghean mhic Dhonnchaidh,

3 Ní lugha do thromaighis
mh'osna 'man gcéiminn chonchair;
mo chraidhe do throthlaighis
mar smuainim créachta Chormaic.

4 A shaoirléine chaomhChormaic
docair d'fhaicsin dá éise;
aithghin an fhír shaorbhronntaigh
níor ghabh ime thú, a léine. A.

5 Do bhí léine a haithghinse
lán dá chrú d'éis a mharbhtha,
ó Dhiarmaid, ód athairse,
'ga chéile, a bhéildearg bhanda. A.

6 Do bhí léine rochréachtach -
cian do bhí aici ar cuimhne -
ón fhírfhéinidh ro-éachtach
ag Gráinne d'éis Í Dhuibhne. A.

7 Ná léig léine agamsa
do bhéaradh mhé go hainneas;
beir, a Mhuire, mh'anamsa
chugat i measg na n-aingeal. A.